# Treoir Phraiticiúil maidir le Conarthaí idir Rialaitheoir Sonraí agus Próiseálaí Sonraí

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

Thug an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (**GDPR**), a tháinig i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018, oibleagáidí méadaithe do rialaitheoirí sonraí ('**rialaitheoirí**') agus próiseálaithe sonraí ('**próiseálaithe**') araon. Oibleagáid amháin de na hoibleagáidí siúd is ea an oibleagáid ar Rialaitheoirí agus Próiseálaithe iontráil isteach i gconradh atá ina cheangal dlí a rialaíonn próiseáil sonraí pearsanta nuair a bhíonn Próiseálaí fostaithe chun sonraí pearsanta a phróiseáil ar threoir Rialaitheora ('**conradh próiseála sonraí'**).

Tugtar cuntas gearr sa nóta treorach seo ar chomhthéacs na hoibleagáide ar Rialaitheoirí agus Próiseálaithe chun iontráil isteach i gconradh Próiseála Sonraí faoin GDPR, cathain is gá iontráil i gconradh Próiseála Sonraí agus na forálacha íosta ar cheart iad a chur san áireamh sa Chonradh siúd.

## Oibleagáid ar Rialaitheoirí agus Próiseálaithe faoin GDPR chun iontráil i gConradh Próiseála Sonraí

Faoin GDPR agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 ('an tAcht') tá roinnt oibleagáidí níos airde ar rialaitheoirí agus ar phróiseálaithe araon. Níor cheart do phróiseálaithe, mar shampla, sonraí pearsanta a phróiseáil ach ar ordú doiciméadaithe rialaitheora. Déanann rialaitheoir, ar an taobh eile den phingin, cuspóirí agus bealaí próiseála na sonraí pearsanta a shainmhíniú. Tá faisnéis bhreise i dtaca le róil rialaitheoirí agus próiseálaithe ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiún um Chosaint Sonraí (DPC), faoi 'Eagraíochtaí'.

Oibleagáid amháin faoin GDPR is ea an ceanglas atá ar rialaitheoirí agus próiseálaithe iontráil isteach i gconradh atá ina cheangal dlí nuair a fhostaíonn rialaitheoir próiseálaí chun sonraí pearsanta a phróiseáil thar a cheann. Nuair a fhostaítear próiseálaí, ordaítear san GDPR go bhfuil oibleagáid ar rialaitheoirí gan ach próiseálaithe a úsáid a sholáthraíonn ráthaíocht dhóthanach chun bearta cuí teicniúla agus eagraíochta a chur i bhfeidhm chun an GDPR  a chomhlíonadh agus chun cearta ábhar sonraí a chosaint.

Ba cheart do rialaitheoirí agus próiseálaithe aird a thabhairt air go bhfuil roinnt oibleagáidí eile ann a ghearrann an GDPR go díreach ar rialaitheoirí agus próiseálaithe (mar shampla, oibleagáidí chun taifead a choimeád, slándáil próiseála sonraí a chinntiú srl.). Bainfidh na hoibleagáidí seo den GDPR le rialaitheoirí agus próiseálaithe anuas ar aon oibleagáidí conarthacha a bhféadfadh rialaitheoir agus próiseálaí a bheith faoina réir faoi chonradh próiseála sonraí. Ar an gcuma chéanna, má dheimhnítear gur sáraíodh an GDPR, féadfaidh rialaitheoirí agus próiseálaithe a bheith faoi dhliteanas íoc as fíneálacha nó féadtar pionóis eile a ghearradh orthu faoin GDPR anuas ar aon chonradh próiseála sonraí a shárú (b'fhéidir) lena bhfuil siad mar pháirtí.

## Conas a d'Aithrigh an Riachtanas le Conarthaí Próiseála Sonraí faoin GDPR?

Ceanglaíodh sa reachtaíocht roimh an GDPR gur cheart conradh scríofa a iontráil idir rialaitheoirí agus próiseálaithe nuair a phróiseálann próiseálaí sonraí pearsanta ar ordú rialaitheora. Ar an gcuma chéanna, ceanglaítear san GDPR, nuair a fhostaíonn rialaitheoir próiseálaí chun sonraí pearsanta a phróiseáil thar a cheann, caithfidh an rialaitheoir agus an próiseálaí iontráil i gconradh atá ina cheangal dlí a rialaíonn an phróiseáil seo sonraí pearsanta.

Athrú tábhachtach amháin ar an oibleagáid seo is ea go bhforordaítear san GDPR níos mó forálacha lena gcuimsiú i gconradh próiseála sonraí. Luann Airteagal 28(3) den GDPR go gcaithfí go leagfar amach i gconradh próiseála sonraí ábhar agus fad na próiseála, cineál agus cuspóir na próiseála, cineál na sonraí pearsanta agus catagóirí na n-ábhar sonraí, agus oibleagáidí agus cearta an rialaitheora. Chomh maith leis seo, liostáionn sé roinnt forálacha éigeantacha le haghaidh gach conradh dá leithéid, rud a phléitear go mion thíos.

## Cé ar gá dó/di Conarthaí Próiseála Sonraí a iontráil?

Tá oibleagáid ar gach rialaitheoir a fhostaíonn próiseálaithe chun sonraí pearsanta a phróiseáil thar a gceann chun conradh próiseála sonraí a iontráil. Baineann an oibleagáid seo le rialaitheoirí agus próiseálaithe san earnáil phoiblí agus san earnail phríobháideach araon.

## Léargas Ginearálta ar Fhorálacha Éigeantacha Conarthaí Próiseála Sonraí

Forordaítear in Airteagal 28(3) den GDPR na forálacha nach mór a áireamh i gconradh próiseála sonraí idir rialaitheoir agus próiseálaí. Ba cheart do rialaitheoir agus próiseálaí conradh próiseála sonraí a iontráil nach mór, ar a laghad, na sonraí seo a leanas a chuimsiú ann:

- Ábhar, fad, cineál agus cuspóir na próiseála sonraí;
- Cineál na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil;
- Catagóirí na n-ábhar sonraí a bhfuil a sonraí pearsanta á bpróiseáil; agus
- Oibleagáidí agus cearta an rialaitheora.

Ba cheart go gcuimseofaí i gconradh próiseála sonraí, chomh maith, na forálacha éigeantacha seo a leanas:

- ✓ Nach bpróiseálfaidh an próiseálaí ach sonraí pearsanta a fuarthas ón rialaitheoir ar orduithe doiciméadaithe an rialaitheora (murach go gceanglaítear faoin dlí

sonraí pearsanta a phróiseáil gan na horduithe siúd) maidir le haistrithe sonraí idirnáisiúnta ina measc;

- ✓ Go gcinntíonn an próiseálaí go mbíonn aon duine/daoine a phróiseálann sonraí pearsanta faoi réir dualgas rúndachta;
- ✓ Go dtéann an Próiseálaí i mbun gach birt a cheanglaítear de bhun Airteagal 32 den GDPR (Slándáil na Próiseála) ina measc ach gan bheith teoranta do bhearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a chosaint a fuarthas ón rialaitheoir.
- ✓ Go bhfaigheann an próiseálaí údarú sonrach roimh ré nó údarú ginearálta scríofa d'aon fho-phróiseálaithe a fhéadfaidh an próiseálaí a fhostú chun na sonraí pearsanta a fhaightear ón rialaitheoir a phróiseáil. Ina theannta sin, caithfidh an próiseálaí a chinntiú, sa chás go bhfaightear údarú ginearálta scríofa maidir le fo-phróiseálaithe a fhostú ag an bpróiseálaí, go mbíonn an deis ag an rialaitheoir chun cur i gcoinne, roimh ré, gach fo-phróiseálaí aonair a cheapadh ag an bpróiseálaí.
- ✓ Go mbíonn aon fho-phróiseálaithe a fhostaíonn an próiseálaí faoi réir na n-oibleagáidí céanna um chosaint sonraí a bhíonn an próiseálaí agus go mbíonn an próiseálaí faoi dhliteanas go díreach i gcónaí i dtaobh tabhairt faoi oibleagáidí um chosaint sonraí an fho-phróiseálaí;
- ✓ Go gcabhraíonn an próiseálaí leis an rialaitheoir trí bhearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun freagairt ar iarrataí ar chearta ábhar sonraí faoin GDPR;
- ✓ Go gcabhraíonn an próiseálaí leis an rialaitheoir chun comhlíonadh oibleagáidí a chinntiú faoin GDPR maidir le slándáil próiseála sonraí (Airteagal 32 den GDPR), a chinntiú go bhfógraítear sárú ar shonraí (Airteagail 32 den GDPR), a chinntiú go ndéantar measúnuithe tionchar ar chosaint sonraí (Airteagal 35 agus 36 den GDPR);
- ✓ Go ndéanann an próiseálaí, i ndiaidh dó/di na sonraí a phróiseáil, agus ar ordú an rialaitheora, na sonraí pearsanta a scriosadh nó a sheoladh ar ais a fuarthas ón rialaitheoir; agus
- ✓ Go gcuireann an próiseálaí an fhaisnéis riachtanach go léir ar fáil don rialaitheoir le comhlíonadh Airteagal 28 den GDPR a léiriú agus go gcuirtear iniúchtaí san áireamh agus go gcuirtear leo siúd a dhéanann an rialaitheoir nó tríú páirtí thar ceann an rialaitheora.

## Forálacha Eile a d'Fhéadfaí a Chur san Áireamh i gConarthaí Próiseála Sonraí

Tá roinnt forálacha eile ann a bhféadfadh gur mian le rialaitheoirí agus próiseálaithe a chur san áireamh i gconarthaí próiseála sonraí nach bhfuil éigeantach lena gcuimsiú faoin GDPR. D'fhéadfaí go n-áireofar sna forálacha siúd, ach níl siad teoranta dóibh:

- Forálacha dliteanais (slánaíocht ina measc);
- Forálacha mionsonraithe slándála (teicniúil); agus/nó
- Forálacha breise comhoibrithe idir an rialaitheoir agus an próiseálaí.

D'fhéadfaí forálacha breise dá leithéid a shocrú idir rialaitheoirí agus próiseálaithe ar bhonn cás ar chás.

## Cad atá ag Teastáil le Cinntiú go gComhlíontar na n-Oibleagáidí Seo faoin GDPR?

Más rialaitheoir thú a fhostaíonn próiseálaí/próiseálaithe chun sonraí pearsanta a phróiseáil thar do cheann nó más próiseálaí thú a phróiseálann sonraí pearsanta ar ordú rialaitheoir/rialaitheoirí, ba cheart duit cinntiú go bhfuil conradh próiseála sonraí agat atá ina cheangal dlí a rialaíonn an phróiseáil sonraí seo.

Ba cheart duit cinntiú, chomh maith, go bhfuil an conradh/na conarthaí próiseála sonraí lena bhfuil tú mar pháirtí suas chun data agus gcuimsítear iontu, ar a laghad, na forálacha a fhorordaítear agus atá éigeantach faoi Airteagal 28(3) den GDPR.